

Léann na Drámaíochta, na
Scannán agus na
hAmharclannaíochta

**Scannánaíocht i
bhFócas**

Ábhair Thacaíochta

Nótaí

[illegible]

Déan aithris orm



Grúpa iomlán



5 nóiméad



Seasamh i gCiorcal

Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo tugtar ar rannpháirtithe fócasú, comhoibriú agus aontacht ghrúpa a thógáil.

Modh


- Bíonn na rannpháirtithe ina seasamh i gCiorcal.
- Tugann an t-éascaitheoir treoir don ghrúpa "Déan aithris ormsa!".
- Dírionn rannpháirtithe ar an éascaitheoir, a thosaíonn ansin ag déanamh gluaiseachtaí malla lena lámha, a chosa, a cheann, nó a mhuineál, ionas gur féidir le gach rannpháirtí na gluaiseachtaí a chóipeáil.
- Nuair a bhíonn rannpháirtithe iomlán páirteach agus ag cóipeáil na ngluaiseachtaí, stopann an t-éascaitheoir.
- Síneann an t-éascaitheoir a lámha amach go leathan, agus iarrann sé ar na rannpháirtithe a n-aird a dhíriú.
- Buaileann an t-éascaitheoir bosa le chéile go mall agus buaileann na rannpháirtithe bosa in éineacht leis.
- Leanann an bualadh bos ar aghaidh, ag méadú de réir a chéile i gcomhthráth, agus críochnaíonn sé le bualadh bos deiridh.

Mo Chuid Nótaí/Mo Chuid Machnaimh

Nótaí

[illegible]

Poist na Foirne Scannánaíochta



Nótaí

[illegible]

Glaonna Seit ar Chriú Scannán



Grúpa iomlán/beag



10 - 15 soicind



Seit Scannán

Cur síos

Is iad na treoracha sin an chumarsáid is tábhachtaí don chriú scannáin agus tarlaíonn sé nuair a bhíonn radharc ar tí tosú. Sa ghníomhaíocht, caithfidh rannpháirtithe aird a dhíriú, éisteacht go gníomhach, sealanna a ghlacadh, róil na foirne agus ord na nglanna a thuiscint.

Modh

Nuair a bhíonn gach duine réidh le scannánú a dhéanamh, is iad seo na glaonna do gach ról.

Deir an 1ú Stiúrthóir Cúnta (SC) – CIÚNÁS ARAN SEIT LE BHUR dTOIL

Nuair a bhíonn an seit ciúin

Deir an 1ú SC – CLÁR ISTEACH

Nuair a bhíonn clabaire sa seat

Deir an 1ú SC - FUAIM

Freagraíonn an tOibritheoir Fuaime – LUAS

Deir an 1ú SC – TOSAIGH AN SCANNÁNAÍOCHT

Nuair a bhíonn an ceamara ag taifeadadh

Freagraíonn an tOibritheoir Ceamara – AR OBAIR

Deir an 1ú SC - MARCÁIL É!

Agus an clabaire sa seat

Deir duine i mbun an chlabaire - RADHARC 1, SEAT 1

Nuair a bhíonn gach rud socraithe

Glaonn an stiúrthóir - AICSEAN

(Is é an stiúrthóir i gcónaí a ghlaonn 'Aicsean')

Nuair a bheidh an seat / an t-aicsean críochnaithe

Glaonna an stiúrthóir – GEARR

1Deir an 1ú SC – Na chéad suiomhanna (más gá téic eile a thógáil)

nó deir an 1ú SC AR AGHAIDH LINN (nuair a bhíonn gach duine sásta leis an téic)

Mo Chuid Nótaí/Mo Chuid Machnaimh

Nótaí

[illegible]

Frámaigh an Seat



Grúpa iomlán



2 - 3 nóiméad




Seasamh i gCiorcal

Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo caithfidh na rannpháirtithe a lámha agus a méara a úsáid chun fráma a chruthú mar shúilín agus iad ag iniúchadh cineálacha seatanna.

Modh

- Sín na lámha amach romhat, bosa tiontaithe síos, agus croith na méara.
- Bosa tiontaithe in airde anois agus croith na méara.
- Sín na sciatháin díreach amach, ordóga in airde agus an dá chormhéar ag díriú romhat, ag cruthú cruth gunna.
- Tabhair barr na gcorrmhéar le chéile, rothlaigh lámh amháin ionas go mbeidh an ordóg dírithe síos, agus cuir an dá lámh le chéile chun cruth súilín a chruthú.



Mo Chuid Nótaí/Mo Chuid Machnaimh

Nótaí

[illegible]

Cluiche Teanga Scannánaíochta



Grúpa iomlán



5 - 10 nóiméad



Seasamh i gCiorcal

Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo, úsáideann na rannpháirtithe a gcuid eolais ar theanga scannánaíochta chun iad féin a chur in aithne dá chéile. Cothaíonn sé éisteacht ghníomhach agus cuidíonn le comhtháthú grúpa.

Modh

- Seasann rannpháirtithe i gCiorcal.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar rannpháirtithe smaoineamh ar théarma teanga scannánaíochta leis an gcéad litir chéanna lena n-ainm féin (mar shampla Séimí Seat, Tomaí Tobghearradh, Mia Meánseat).
- Ag bogadh timpeall an chiorcail, cuireann rannpháirtithe iad féin in aithne agus a n-ainm agus a dtéarma uamach ó theanga scannánaíochta in úsáid.
- Níor chóir an téarma céanna teanga scannánaíochta a úsáid faoi dhó.
- Ba chóir an grúpa a spreagadh chun cabhrú lena chéile teacht ar théarmaí oiriúnacha teanga scannánaíochta.

Forbairt

- B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir agus leis na rannpháirtithe a ndúshlán féin a thabhairt trí iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar an oiread ainmneacha agus is féidir.
- Is féidir plé a dhéanamh ar théarmaí teanga scannánaíochta agus cad é a chiallaíonn siad.

Mo Chuid Nótaí/Mo Chuid Machnaimh

Nótaí

[illegible]

Fráma Aiseolais Scannáin



Grúpa iomlán



Grúpa beag



10 - 15 nóiméad



Scáileán le breathnú

Cur síos

Is féidir an fráma seo a úsáid chun cabhrú le rannpháirtithe aiseolas a thabhairt agus a fháil i dtimpeallacht chomhoibríoch. Tugann sé deis do rannpháirtithe cinntí a rinneadh le linn an phróisis chruthaithigh a mhíniú agus a athbhreithniú.

Ullmhúchán le haghaidh éascaithe

Taispeánfaidh gach grúpa a shraitheog scannáin don ghrúpa ar fad.

Treoraíonn an t-éascaitheoir an plé trí cheisteanna a chur.

Roimh an scannán a choimhéad

- Fiafraíonn an t-éascaitheoir de na scannánóirí - cad é a d'fhoghlaim sibh? Freagraíonn siad.
- Fiafraíonn an t-éascaitheoir ansin de na scannánóirí - cad é a chuir iontas oraibh? Freagraíonn siad.
- Díreach sula dtaispeánann sé sraitheog an scannáin, fiafraíonn an t-éascaitheoir de na scannánóirí - cad é a ba mhaith libh go ndíreodh an lucht féachana air agus iad á choimhéad? Freagraíonn siad.

Le linn an tsraitheog a choimhéad

Breathnaíonn an grúpa iomlán ar an tsraitheog scannáin agus an fócas roghnaithe ar a n-intinn.

Tar éis breathnú ar an tsraitheog scannáin

Tugann an t-éascaitheoir cuireadh don ghrúpa ar fad na nithe seo a leanas a phlé:

- Cad é a thaitin libh sa tsraitheog scannáin seo?
- Ceist amháin a bheadh agaibh do na scannánóirí a bhaineann lena 'bhfócas'.
- Cad é a smaoineodh lucht a dhéantamaid le... (fócas sainaitheanta ag na scannánóirí)

Déanann na grúpaí machnamh ar an aiseolas agus meabhraíonn siad ar na nithe seo a leanas:

- Cad é an chéad rud eile ar mhaith libh a bheith ag obair air?
- Cad iad na nithe is mó a d'fhoghlaim sibh?

Tugann sé seo am do na scannánóirí machnamh a dhéanamh ar na cinntí a rinne siad agus machnamh a dhéanamh ar an eispéireas a bhaineann le sraitheog scannáin a fhorbairt, a thaifeadadh agus a chur in eagar.

Arna curtha in oiriúint ó shaothar Abigail Housen agus Philip Yenawine

Nótaí

[illegible]

Ag Breathnú ar Ghearrtháin Scannáin



Grúpa iomlán



15 nóiméad



Scáileán le breathnú

Cur síos

Is féidir an cur chuige seo a úsáid agus tú ag breathnú ar ghearrtháin scannáin agus ag freagairt dóibh mar chuid den phróiseas freagartha criticiúil.

Ullmhúchán le haghaidh éascaithe

Gearrtháin scannáin agus treoircheistean.

Modh

Sa mhodh seo, féach ar an ngearrthán scannáin trí huaire.

- An chéad uair: chun taitneamh a bhaint as an ngearrthán.
- An dara huair: chun breathnú agus fócas agat, mar shampla, an frámú agus na seatanna.
- An tríú huair: chun critíc a dhéanamh agus fócas agat, mar shampla, trácht a dhéanamh ar rogha an stiúrthóra de sheatanna ceamara.

Forbairt


Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe focal amháin a mholadh chun cur síos a dhéanamh ar an ngearrthán.

Mo Chuid Nótaí/Mo Chuid Machnaimh

Nótaí

[illegible]

Seatanna Ceamara




Seat an-Fhada/Leathan

Úsáidtear go ginearálta mar sheat tosaigh / bunaithe.

Taispeánann sé an suíomh agus fothaíonn sé an lucht féachana.

Is féidir é a úsáid chun scála na timpeallachta a thaispeáint.



Seat Meánfhada

De ghnáth frámaíonn sé an corp ó lár na leise go dtí an cloigeann.

Déanann sé cothromaíocht idir gotha gnúise agus comhthéacs timpeallachta.



Seat Gar-amhairc

Frámaíonn sé an carachtar ó ghuaillí go cloigeann. Leagann sé béim ar ghotha gnúise, mothúcháin nó mionsonraí/faisnéis thábhachtach.


Is féidir é a úsáid le haghaidh nithe tábhachtacha freisin.



Seat Fada

Frámaíonn an corp ar fad ó cheann go ladhar.

Taispeánann sé an carachtar laistigh dá dtimpeallacht.



Meánseat

Frámaíonn an carachtar ón gcoim aníos. Gabhann sé gotha gnúise, comharthaíocht choirp agus úsáidtear é le haghaidh idirphlé agus idirghníomhú carachtar. Go ginearálta úsáidtear é don chuid is mó de na seatanna sa scannán.

Maith le haghaidh agallaimh.



Seat Ritheann


Léiríonn mionsonra amháin nó ball coirp chun an fráma a líonadh.

Cuireann sé béim ar dhéine agus méadaíonn sé mothúchán.

Nótaí


[illegible]

Seatanna Ceamara




Seat Anuas/ Amharc an Ghainéid

Déantar scannánú os cionn na gcarachtar.
Tugann sé forléargas ar an suíomh don lucht féachana.



Seat Ó Cheamara Ard

Déantar scannánú ó leibhéal os cionn na súl.
Cuireann sé cuma níos lú nó níos leochailí ar an gcarachtar.




Leibhéal na Súil

Déantar scannánú ag leibhéal súl an charachtair.
Cruthaíonn sé peirspictíocht neodrach, ag cabhrú leis an lucht féachana ceangal leis an gcarachtar.



Seat ó Cheamara Íseal

Déantar scannánú ó bhun leibhéal na súl.
Cuireann sé cuma níos mó nó níos cumhachtaí ar an gcarachtar.



Radharc na Péiste Talún

Déantar scannánú ar radharc na péiste talún ó leibhéal na talún, ag breathnú aníos ar an gcarachtar.
Cruthaíonn scannánú ón uillinn seo éifeacht dhrámatúil.




Radharc thar an ghualainn

Scannánú ó chúl carachtar, ag taispeáint a pheirspictíochta.
Úsáidtear é le haghaidh comhráite nó chun mothú rannpháirtíochta a chruthú

Nótaí

[illegible]


Gluaiseachtaí Ceamara



Peanáil

Bogann an ceamara ar chlé nó ar dheis ó shuíomh seasta ar ais chothrománach.


Déanann sé aithris ar an ngluaiseacht nádúrtha a bhaineann le ceann a chasadh.



Claonadh

Bogann an ceamara go hingearach ó shuíomh seasta.


Déanann sé aithris ar an ngluaiseacht a bhaineann le breathnú suas nó síos.



Seat leanúna

Bogann an ceamara siar, chun tosaigh, nó i leataobh ar feadh riain.

Cruthaíonn sé gluaiseacht réidh agus leanann sé an t-aicsean.




Scannánú ón láimh

Is é an t-oibritheoir ceamara a iompraíonn an ceamara, agus is minic a tháirgeann sé píosaí scannánaíochta nádúrtha, nach féidir brath air..



Steadicam

Tá an ceamara cobhsaithe le meáchain agus ceangailte leis an oibritheoir, ag soláthar seatanna níos míne ná scannánú ón láimh.



Craein

Tá an ceamara suite ar chraein nó jib, a cheadaíonn gluaiseachtaí scuabtha agus seatanna ó cheamara an-ard.

Title:

[illegible][illegible][illegible][illegible]

Bileog Léiriúcháin

Léiriúchán (Teideal):		Dáta:
Seánra:		
Ábhar Tagartha:		
Stiúrthóir:		
1ú Stiúrthóir Cúnta:		
Ceamaradóir:		
Oibrítheoir Fuaime:		
Dunie I mbun an chlabaire:		

Uimh.	Cineál Seat	Cur Síos	Suíomh	Foireann aisteoirí
1				
2				
3				
4				
5				
6				
7				
8				
9				
10				

Téarma	Nótaí